INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
MEASÚNÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE

OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
FÓMHAR, 2016

An Triail Scríofa - 100 MARC

Trí huaire an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00).
Freagair cúig cheist.

ROINN A

SCRÍBHNEOIREACHT FHEIDHMIÚIL

Freagair Ceist 1 nó Ceist 2

1. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):
Mar an múinteoir i do scoil atá i gceannas ar chúrsaí spóirt, scríobh litir chuig Cathaoirleach an Chlub Chumann Lúthchleas Gael i do cheantar áitiúil ag lorg airgid chun áiseanna iománaíochta a cheannach don scoil.

2. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):
Mar an Príomhoide ar do scoil, scríobh litir chuig an Aire Oideachais agus Scileanna, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 2 ag gearán faoin gcinneadh atá déanta ag an Aire do scoil a dhúnadh síos.

(30 marc)

ROINN B

AISTRIÚCHÁIN

Freagair Ceist 3 agus Ceist 4

3. Aistrigh go Gaeilge:-

(a) Now, children! Stand in the line.
(b) Avoid the ice, Seán.
(c) Allow me to open the door.
(d) It's very dark this morning. Turn on the lights, Gearóid.
(e) Is that answer right or wrong?
(f) How many people are absent today?
(g) Paul! Did you forget your lunch today?

(h) Wash your hands now, children.
(i) Open your copybook, Tomás and start writing.
(j) Finish that tonight, children.

(15 mharc)

4. Aistrigh go Gaeilge:-

Principal: Excuse me, Bríd. Are you busy at present?
Teacher: No. I'm only putting some posters on the notice board.
Principal: I want to speak to you about something.
Teacher: Continue on. I'm listening.
Principal: As you know, Mary got a job down the country.
Teacher: That's right. I'm delighted for her.
Principal: Well! I have a question for you.
Teacher: What kind of question?
Principal: Is it alright if you take First Class instead of Second Class this year?
Teacher: It is, but I would like to stay in the same room.

(20 marc)

ROINN C

GRAMADACH
Freagair Ceist 5

5. Scríobh na freagraí i do fhreagarleabhar:-

An Briathar:

1. A chailíní! (Cuir) _____ bhur málaí faoi na boird.
2. A Shíle! Ná (caith) _____ bruscar ar an talamh.
3. Níor (críochnaigh) _____ Donncha a lón inné.
4. Ní (scríobh: siad) _____ san fhillteán sin gach lá.
5. An (tabhair: tú) _____ an t-airgead don Phríomhoide amárach?
6. (Bácáil: sí) _____ pióg úll, dá mbeadh cuairteoirí ag teacht.
7. An (faigh: sibh) _____ na laethanta saoire amárach?
8. Nach (bí: sé) _____ thar lear an mhí seo caite?
9. (Roghnaigh: sé) _____ an bréagán dearg gach lá.
10. Dá mbeadh Fiachra anseo, (cabhraigh: sé) _____ linn.
11. (Ól: sé) _____ an líomanáid go léir aréir.
12. (Ordaigh) _____ na leabhair nua inné.
13. (Tabhair) _____ na leabhair nua amach amárach.
14. Deir Lorcán (dúisíonn)_____ sé ar a seacht gach maidin.
15. Dúirt na cailíní (ní bhfuair) _____ siad na ticéid don cheolchoirm.
16. Dúirt Íde (déanfaidh) _____ sí siúlóid leis na páistí amárach.
17. Is breá léi a (bí) _____ ag seoltóireacht.
18. Tá an chuid is mó de na cluichí iomána (imir) _____ anois.
19. Dá (bog: sé) _____ an chathaoir sin, bheadh níos mó spáis sa seomra.
20. Má (tabhair: tú) _____ na hainmneacha dom, crochfaidh mé an liosta ar an gclár fógraí.

An Chopail:

21. Ní (tiománaí bus) _____ í Máirín.
22. Nach (í) _____ Deirdre an garraíodóir nua?
23. Ar (gruagaire) _____ í Emer uair amháin?
24. Ba (dlíodóir) _____ í Neasa.

An tAinmfhocal

25. Tá an (iasc [fir.])_____ seo an-bhlasta.
26. Tá an (amharclann [bain.]) _____ plódaithe anocht.

27. Tá an Príomhoide ag labhairt leis an (páiste) _____.
28. Bhí áthas an domhain air bualadh leis na (imreoirí) _____.
29. Chaith mé an mhaidin go léir ag léamh (an t-úrscéal) _____.
30. Beidh sos againn ag deireadh (an tseachtain)_____.
31. Tá Méabh ag glanadh (na boird) _____ .
32. Tháinig Bríd sa chéad áit i rás (na cailíní) _____.

An Aidiacht

33. Is í seo an aimsir (is: olc) _____ go dtí seo i mbliana.
34. Tá Cian (níos: ciúin) _____ ná Conchúr.

An Aidiacht Shealbhach

35. Tá a sheanathair (i: a: cónaí) _____ i Longfort.
36. Bhí sí ar laethanta saoire (le: a: clann) _____ sa Spáinn.

An Forainm Réamhfhoclach

37. Bhí a clann ag an aerfort chun fáilte a chur (roimh: í) _____.
38. Thug an múinteoir cead (do: sinn) _____ dul amach.

Suas, Thuas, Anuas; Síos, Thíos, Aníos

39. A Áine! Tá na boscaí thíos ar an gcéad urlár. An rachaidh tú _____ chun iad a fháil, le do thoil?

Isteach, Istigh; Amach, Amuigh

40. Chaith Tomás an lá go léir _____ ar an bhfarraige.

Uimhreacha

41. Scríobh i bhfocail: Rang 4: _____.
42. Tá ocht (úll) _____ fágtha sa mhála.
43. Tá Stíofán sa Tríú (Bliain) _____ sa mheánscoil.
44. Triúr (buachaill) _____ atá sa chlann sin.

Gramadach an Bhriathair

45. Scríobh an aimsir chaite, an fhoirm dhiúltach, an chéad phearsa uatha den bhriathar ‘buail’.

_____.

46. Scríobh an aimsir láithreach, an fhoirm dhearfach, an dara pearsa iolra den bhriathar ‘mothaigh’.

_____.

47. Scríobh an t-ainm briathartha den bhriathar ‘téigh’.

_____.

48. I dtéarmaí gramadaí, mínigh ‘ní thaispeánfaidh sé’.

_____.

49. I dtéarmaí gramadaí, mínigh ‘bhris siad’.

_____.

50 I dtéarmaí gramadaí, mínigh ‘tugtar’.

_____.

(25 marc)

ROINN D

LÉAMHTHUISCINT
Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

Sliocht, atá curtha in oiriúint, as 'An Chéad Aoine' le Cathal Ó Sándair, in eagar ag An tSiúr Annutiata le Muire agus Úna Nic Éinrí, *Bóithrín na Beatha,* C S Ó Fallúin, Teoranta, 1973, 226-227.

D'iarr m'athair orm cuidiú leis chun troscán an pharlúis a aistriú go seomra folamh thuas staighre. I dtús báire, d'ardaíomar linn an chuid a bhí sa halla. Ansin, thugamar faoin gcuid a bhí fágtha agus níorbh fhada go raibh gach ball de aistrithe againn…

"Tá a thuilleadh oibre agam dhuit, a Sheáin," arsa m'athair. "Caithfimid an páipéar a bhaint de na ballaí."

Sháigh sé scian faoin bpáipéar i gcúinne amháin agus bhrúigh sé cuid de amach ón mballa. Ansin, le tréantarraingt amháin dá láimh, bhain sé stríoc fhada de den bhalla.

"Mar sin, a Sheáin!" ar sé go croíúil. "Nach bhfuil sin an-éasca?"

Ní foláir nó d'aithin sé orm go raibh mé trí chéile. Rinne sé miongháire agus shuigh sé síos ar bhosca…

"Táimid chun siopa a oscailt anseo," ar seisean.

Leath an dá shúil orm. Ansin thuig mé…Seift a bhí sa ghnó seo uile chun a chinntiú go mbeadh a ndóthain airgid acu chun oideachas maith a chur ar fáil don chlann.

"Tá – tá sin go hiontach, a Dhaid!" arsa mise agus áthas mór orm. Ansin, chuimhnigh mé ar ní eile. "Cén saghas siopa a bheidh againn?"

"Sin í an fhadhb, a Sheáin," ar sé. "Is fearr dúinn cloí le hearraí a mbíonn gá ag daoine leo gach lá den tseachtain, gach seachtain den bhliain. Mar sin, siopa grósaera a bheidh againn, mar atá ag Peadar Mac an Cheannaí."

Ní róshona a bhí sé agus é á rá. Tháinig iarracht imní orm féin…

"An mbeadh – an mbeadh dhá shiopa grósaera iomarcach i Radharc an Chuain?" arsa mise.

"Ní dóigh liom go mbeadh," arsa m'athair. Tá an sráidbhaile ag fás. Ina theannta sin, le tamall de bhlianta anall, tagann an-chuid cuairteoirí anseo sa samhradh. Rud eile, ó críochnaíodh an bóthar breá nua, tagann roinnt mhaith gluaisteán anseo, gach cuid den bhliain."…

"Is fearr dúinn tosú ag obair, a Dhaid," arsa mise.

Bhris a gháire air. "Sin é an sórt cainte a thaitníonn liom, a mhic!" ar sé. "Is ea, tá ár n-aigne socraithe agus caithfimid dul ar aghaidh anois, gan scáth gan eagla. Ach rud amháin, a Sheáin; ní mheasaim go dtaitneoidh seo le Peadar Mac an Cheannaí. Is lú a bheidh teacht isteach aige, go ceann tamaill, pé scéal é."

"Ó, is fearr go mbeadh rogha ag daoine," arsa mise. Níl aon ní as bealach á dhéanamh againne."

Buntuiscint:

1. Cár chuir Seán agus a athair an troscán ón bparlús?
2. Nuair a bhí an troscán aistrithe ag Seán agus a athair cén obair a rinne siad ansin?
3. Dar le Seán, cén fáth a raibh a athair chun siopa a oscailt?

Tuiscint liteartha:

1. Cén fhianaise atá sa sliocht go raibh ionadh ar Sheán nuair a chuala sé go raibh a athair chun siopa a oscailt?
2. Cén fáth nach mbeidh Peadar Mac an Cheannaí sásta, dar le hathair Sheáin?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

Sliocht atá curtha in oiriúint as An Síofra*: Úrscéal d'Fhoghlaimeoirí,* le Liam Mac Uistín, Cló Iar-Chonnacht Teoranta, 2004, 8-9

'A Shéarlaí!' Scairt a mháthair aníos ón gcistin arís.

Shleamhnaigh sé go mífhonnmhar as an leaba the theolaí. Nigh sé a aghaidh agus chuir sé air a chuid éadaigh. Ansin chuaigh sé isteach sa chistin. Bhí a bhricfeasta ullamh ar an mbord. Shuigh sé agus thosaigh sé ag aislingeacht.

'Dia duit ar maidin,' a dúirt a athair leis.

Dhúisigh Séarlaí as a aisling agus stán sé trasna an bhoird. 'Ó, Dia duit, a Dhaid.'

Thosaigh sé ag aislingeacht arís.

Lig a athair osna. Ba dheacair dó a mhac a thuiscint. Níorbh amhlaidh gur bhuachaill dána é. A mhalairt ar fad. Bhí sé dea-mhúinte agus ciúin. Róchiúin, b'fhéidir…Cén fáth nach bhféadfadh sé áit a fháil ar fhoireann peile na scoile? Nach bhféadfadh sé aon rud a dhéanamh seachas a bheith ag aislingeacht i gcónaí?

'Ith do bhricfeasta!' a dúirt a mháthair le Séarlaí.

'Brostaigh ort nó beidh tú déanach arís don bhus scoile.'

Chríochnaigh Séarlaí a bhricfeasta agus d'imigh ón mbord. Sheas sé ag an bhfuinneog ag stánadh amach ar na scamaill a bhí ag eitilt trasna na spéire.

'Cuir ort do chóta agus faigh do mhála scoile,' a dúirt a mháthair go mífhoighneach. 'Brostaigh!'

D'fhág Séarlaí an teach agus shiúil sé síos an bóthar go mall. Bhí an bus scoile díreach ar tí imeacht. Chroith an tiománaí a cheann nuair a chonaic sé é ag teacht. Ba é Séarlaí an duine deireanach ar an mbus gach maidin.

Chuaigh Séarlaí ar thóir suíocháin ar an mbus. Bhí sé ag súil go bhfaigheadh sé ceann in aice le hEilís. Ach bhí sise ina suí in aice lena cara, Cáit Ní Fhaoláin. Bheannaigh sé di agus é ag gabháil thairsti. Thug sí mearfhéachaint air agus lean léi ag caint le Cáit. Fuair Séarlaí áit i gcúl an bhus. Thosaigh sé ag aislingeacht go raibh sé ar spásárthach ar a bhealach chun na gealaí.

Matamaitic an chéad ábhar a bhí ag an rang. Níor thaitin an t-ábhar sin le Séarlaí. B'fhearr leis bheith ag machnamh ar cheisteanna ar nós: Cén fáth nach féidir le daoine an ghaoth a fheiceáil?

Chuir an múinteoir scrúdú ar an rang. Bhí deich nóiméad acu chun sraith fhada uimhreacha a shuimiú…Thosaigh Séarlaí ag suimiú. Tar éis tamaillín bhí sé caillte. Bhí na huimhreacha rófhada. Thosaigh sé ag aislingeacht: Cad í an uimhir is lú ar domhan? An bhfuil sí chomh beag sin nach féidir í a fheiceáil? Cad í an uimhir is mó ar domhan? An mbeadh spás inti do na náideanna go léir? An mbeadh orthu an uimhir a chur ag eitilt san aer chun dóthain spáis a thabhairt di? Cad a tharlódh dá mbuailfeadh sí in aghaidh na scamall?

Buntuiscint:

1. Conas go bhfuil a fhios againn nach raibh Séarlaí ag iarraidh éirí ar maidin?
2. Cén fhianaise atá sa sliocht nach mbíonn Séarlaí buartha faoi chúrsaí ama riamh?
3. Cén fáth nár shuigh Séarlaí in aice le hEilís?

Tuiscint liteartha:

1. Cén fhianaise atá sa sliocht nach bhfuil athair Shéarlaí sásta lena mhac?
2. Conas go bhfuil a fhios againn gurbh fhearr le Séarlaí a bheith ag machnamh ar cheisteanna fealsúnacha ná a bheith ag déanamh Matamaitice?

(10 marc)